# DARA SCÉIM TEANGA
# AN BHOIRD UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL

# 2014 - 2017

# FAOI ALT 15 D'ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003.

**Ábhar:** **Leathanach**


| | |
|---|---|
| **Brollach** | **5** |
| **Caibidil 1** | **6** |
| **1.1 Réamhrá** | **6** |
| **1.2 Ullmhú na Scéime** | **6** |
| **1.2.1 Comhairliúchán** | **6** |
| **1.3 Measúnú ar an Éileamh ar Sheirbhísí trí Ghaeilge** | **7** |
| **1.4 Cuspóirí na Scéime** | **7** |
| **1.5 Dáta Tosaigh na Scéime** | **7** |
| **Caibidil 2 Forléargas ar an mBord um Chúnamh Dlíthiúil** | **8** |
| **2.1 Sainordú** | **8** |
| **2.2 Misean** | **8** |
| **2.3 Rialachas** | **8** |
| **2.4 Seirbhísí a Chuirtear ar Fáil** | **9** |
| **Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta** | **9** |
| **An tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh** | **9** |
| **Cúnamh Dlíthiúil Coiriúil** | **9** |
| **An tIonad Doiciméadúcháin do Dhídeanaithe** | **10** |
| **2.5 Foireann an Bhoird** | **10** |
| **2.6 An Phríomhoifig** | **10** |
| **2.7 Cliaint agus Páirtithe Leasmhara** | **10** |
| **Caibidil 3 Athbhreithniú ar Sheirbhísí Gaeilge agus ar fheabhsuithe atá pleanáilte** | **11** |
| **3.1 An Córas Teangacha atá ann cheana féin chun Seirbhísí a Sholáthar** | **11** |
| **3.1.1 An tSeirbhís Dlí - Lárionaid Dlí** | **11** |
| **3.1.2 Seirbhísí na Príomhoifige** | **11** |
| **3.1.3 An tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh** | **11** |
| **3.1.4 Scéimeanna Ad-hoc um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil** | **12** |
| **3.2 Idirphlé leis an bPobal** | **12** |

3.2.1 Foirmeacha agus Bileoga 12
3.2.2 Láithreán Gréasáin 12
3.2.3 Foilseacháin 13
3.2.4 Oiliúint 13
3.3 Seirbhísí atá le soláthar trí mheán na Gaeilge 13
3.4 Seirbhísí atá le soláthar trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla 13
3.4.1 Measúnú ar éileamh a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo 13
3.4.2 An tSeirbhís Dlí - Lárionaid Dlí 13
3.4.3 Seirbhís bunaithe ar ateangaireacht 14
3.4.4 Seirbhísí a chuireann cleachtóirí príobháideacha ar fáil dúinn 14
3.4.5 Abhcóidí 14
3.4.6 Seirbhísí na Príomhoifige 14
3.4.7 Seirbhísí atá le soláthar trí mheán an Bhéarla amháin -
Seirbhísí Dlíthiúla d'Iarrthóirí Tearmainn 15
3.5 Cumarsáid 15
3.6 Acmhainní 16
3.6.1 Foireann 16
3.7 Dearbhú Cáilíochta 16
3.8 Idirphlé leis an bPobal 16
3.8.1 Foirmeacha agus Bileoga 16
3.8.2 Teileafóin 17
3.8.3 Oifigí Poiblí 17
3.8.4 Láithreán Gréasáin an Bhoird 18
3.8.5 Córais TF 18
3.9 Forbairt Foirne 18
3.10 Tacaíochtaí maidir le seirbhísí a sholáthar as Gaeilge 18

Caibidil 4 Tosú agus Cur i bhFeidhm 20
4.1 Cur i bhfeidhm 20
4.2 Comhlíonadh 20

## Aguisín 1

Suíomh Oifigí agus Lárionad Dlí an Bhoird agus Oifigí Seachadta Seirbhísí 21
Oifigí an Bhoird 21
Liosta de na Láronaid Dlí 22
Lárionaid Dlí Lánaimseartha 22
Lárionaid Dlí Pháirtaimseartha 25

## Aguisín 2

Liosta Oifigí na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh 28
Oifigí Lánaimseartha 28
Oifigí Páirtaimseartha 29

**BROLLACH**

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú na dara Scéime seo a ullmhaíodh faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Léiríonn an Scéim seo conas a bhfuil sé ar intinn ag an mBord a oibleagáidí a chomhlíonadh i ndáil le húsáid na Gaeilge sa tréimhse 2014 go 2017.

Cúis áthais dom mo thacaíocht a thairiscint lena chinntiú go mbeidh ár dtiomantas do sheirbhís don chustaiméir le sonrú inár n-iarrachtaí chun an caighdeán seirbhíse is fearr agus is féidir a chur ar fáil dóibh siúd ar mian leo a ngnó a dhéanamh leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil as Gaeilge. Is gá don Bhord, faoi mar is gá d'eagraíochtaí seirbhíse poiblí eile, déileáil le srianta acmhainne ach d'éirigh leis athruithe suntasacha a chur i bhfeidhm ar bhealach a bhí éifeachtach ó thaobh costas de. Tá an Bord an-bhródúil as an láithreán gréasáin dátheangach a d'fhorbair sé.

Tá mé thar a bheith buíoch do na baill foirne sin a léirigh a dtiomantas agus as a ndíograis nuair a chuir siad lena n-oideachas féin agus nuair a ghlac siad páirt i gcúrsa oiliúna chun go mbeidís in ann déileáil níos fearr le fiosruithe as Gaeilge agus seirbhísí trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin leo siúd a bhí páirteach in ullmhú na Scéime reatha agus na Scéime roimhe seo. Tá sé ríthábhachtach go leanfadh ár bhfoireann ar aghaidh leis an dtiomantas sin má tá an sprioc an-fhiúntach sin le baint amach maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh le linn na scéime seo ar na seirbhísí Gaeilge a chuireann an Bord ar fáil.

An Dr Moling Ryan
Príomhfheidhmeannach

# CAIBIDIL 1

## 1.1 RÉAMHRÁ

Clúdaíonn an Scéim seo an tréimhse ó 2014 go 2017 agus d'ullmhaigh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil í de bhun Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) 2008.

Forálann Alt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí Scéim reachtúil ina shonrófar na seirbhísí a chuirfidh siad ar fail

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

agus na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an eagraíocht trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa teanga sin laistigh de fhráma ama comhaontaithe. Is é seo an dara Scéim a d'ullmhaigh an Bord.

## 1.2 ULLMHÚ NA SCÉIME

Dhréachtaigh an Bord an Scéim agus aird chuí á tabhairt do na Treoirlínte a d'ullmhaigh An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Alt 12 den Acht, agus go háirithe don fhoráil gur cheart go mbeadh soláthar seirbhíse trí Ghaeilge bunaithe orthu seo a leanas:

- leibhéal an éilimh ar sheirbhísí sonracha trí mheán na Gaeilge i gcomhthéacs soláthair ar leith, agus
- na hacmhainní atá ar fáil, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta phoiblí, lena mbaineann an cumas teanga riachtanach a fhorbairt nó a rochtain.

### 1.2.1 Comhairliúchán

De réir alt 13(1) (a) den Acht, d'fhoilsigh an Bord fógra go raibh sé ar intinn aige dréachtscéim a ullmhú.  Ceapadh fógraí dátheangacha ag lorg aighneachtaí agus foilsíodh iad sa phreas náisiúnta agus ar láithreán gréasáin an Bhoird, agus cuireadh fógraí as Gaeilge i bhfoilseachán amháin lán-Ghaeilge.  Cuireadh an t-eolas céanna in iúl d'fhoireann an Bhoird ar ár mbord fógraí inmheánach.  Fuarthas dhá aighneacht ón gcomhairliúchán seachtrach agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird www.legalaidboard.ie.

## 1.3 MEASÚNÚ AR AN ÉILEAMH AR SHEIRBHÍSÍ TRÍ GHAEILGE

Sular cuireadh an chéad Scéim i bhfeidhm iarradh ar na Lárionaid Dlí leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a chur in iúl agus déanfar é sin arís sa Scéim seo. Tugadh le fios sna torthaí a cuireadh ar fáil ag an am go raibh éileamh teoranta ar an tseirbhís. Ní raibh iarratais á ndéanamh ar sheirbhís dlí trí Ghaeilge ach in ionad dlí amháin áit a bhfuil seirbhís iomlán dlí trí mheán na Gaeilge ar fáil cheana féin. D'éiligh cúigear cliant san iomlán seirbhís as Gaeilge ón ionad dlí le linn tréimhse 30 mí.

Mar chuid de chéad Scéim an Bhoird, rinne cuideachta taighde margaidh suirbhé i lár na bliana 2008. Fuarthas amach sa suirbhé gur fhan an t-éileamh ar sheirbhísí an Bhoird trí mheán na Gaeilge ar leibhéal íseal.

I rith dhá bhliain dheireanacha na Scéime roimhe seo dhéileáil Ionad Dlí na Gaillimhe le sé chás trí mheán na Gaeilge. Chun é seo a chur i gcomhthéacs ní miste a lua gur chuir an Bord seirbhís ar fáil maidir le 22,300 cás in 2013 amháin.

Ceapadh grúpa oibre, a raibh ionadaíocht ag gach réimse feidhme ábhartha de chuid an Bhoird air, chun an Scéim nua a dhréachtú.

## 1.4 CUSPÓIRÍ NA SCÉIME

Tá an Bord tiomanta do chur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) 2008.

Tugadh roinnt gealltanas sa chéad Scéim go gcuirfí feabhas ar an leibhéal seirbhíse as Gaeilge. Rinneadh gach rud a gealladh. Is é cuspóir na Dara Scéime ná leanúint ar aghaidh ag déanamh mar a gealladh agus an leibhéal seirbhíse a fheabhsú tuilleadh thar thréimhse na Scéime (2014-2017) trí chultúr dearfach a fhorbairt a spreagfaidh úsáid na Gaeilge taobh istigh den Bhord agus nuair a bhímid ag déileáil lenár gcustaiméirí.

Tá sé beartaithe é sin a bhaint amach de réir a chéile trí thógáil ar na socruithe atá ann cheana maidir le soláthar seirbhíse agus go bhforbrófar an Scéim athbhreithnithe seo de réir éilimh agus de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil. Ní mór a admháil go bhféadfadh athruithe airgeadais agus foirne amach anseo nach mbeadh neart ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil orthu drochthionchar a bheith acu ar chur i bhfeidhm a bhfuil geallta againn.

## 1.5 DÁTA TOSAIGH NA SCÉIME

D'fhaomh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an scéim seo. Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ón **11 Lúnasa 2014** agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

# CAIBIDIL 2 - FORLÉARGAS AR AN mBORD UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL

## 2.1 SAINORDÚ

Bunaíodh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil faoin Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta 1995 mar chomhlacht reachtúil, neamhspleách atá freagrach as cúnamh agus comhairle dhlíthiúil shibhialta a sholáthar do dhaoine ar bheagán acmhainní. Forálann Alt 5(1) den Acht arna leasú:

> *“Is í príomhfheidhm an Bhoird:*
> *(a) a chur ar fáil, laistigh d'acmhainní an Bhoird agus faoi réir fhorálacha eile an Achta seo –*
>> *(i) cúnamh agus comhairle dhlíthiúil i gcásanna sibhialta do dhaoine a shásaíonn ceanglais an Achta seo, agus*
>> *(ii) seirbhís idirghabhála teaghlaigh;*
>
> *(b) i gcás ina measfaidh an Bord gur gá nó gur fóirsteanach déanamh amhlaidh socruithe a dhéanamh maidir le soláthar -*
>> *(i) seirbhísí idirghabhála teaghlaigh a chuirfear i gcrích ar a shon trí dhaoine a cheapfaidh sé chun na críche sin a fhostú, agus*
>> *(ii) oiliúint in idirghabháil teaghlaigh, bíodh sin uaidh féin nó trí dhaoine a bheidh ceaptha aige chun na críche sin.*

## 2.2 MISEAN

Tugtar an sainmhíniú seo a leanas ar a mhisean i bPlean Corparáideach an Bhoird ó *2012 go 2014:*
*"Seirbhís chúnaimh agus chomhairle dhlíthiúil agus seirbhís idirghabhála a sholáthar atá éifeachtach, gairmiúil, éifeachtach ó thaobh costas de agus inrochtana a chur ar fáil de réir théarmaí ár sainordú reachtúil"*

## 2.3 RIALACHAS

Tá an Bord á rialú ag Bord reachtúil atá ceaptha ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá an Bord comhdhéanta de chathaoirleach agus de 12 gnáthbhall. Tá sé freagrach faoin Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 as:

- treo straitéiseach na heagraíochta;
- beartas a cheapadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm;
- maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht cheart, éifeachtach na heagraíochta;
- monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta éifeachtacha airgeadais agus cuntasacht a sholáthar;
- buiséid a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu, agus
- roinnt cinntí forchoimeádta a dhéanamh.

## 2.4 SEIRBHÍSÍ A CHUIRTEAR AR FÁIL

Tá an Bord um Chúnamh Dlíthiúil freagrach as seirbhísí maidir le cúnamh dlíthiúil sibhialta, cúnamh dlíthiúil coiriúil agus idirghabháil teaghlaigh.

### Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta

Cuireann an Bord seirbhísí aturnaetha agus, nuair is gá, abhcóidí ar fáil do dhaoine ar bheagán acmhainní maidir le cúrsaí an dlí shibhialta. Is iad sainchúram reachtúil reatha an Bhoird agus leibhéal na n-acmhainní atá curtha ar fáil na rudaí a chinntíonn réimse agus freagrúlacht na seirbhísí a sholáthraíonn an eagraíocht.

I measc na seirbhísí a sholáthraítear tá comhairle dlí a chlúdaíonn comhairle ar chúrsaí a bhaineann leis an dlí sibhialta agus cúnamh dlíthiúil lena n-áirítear go bhfostódh an Bord aturnae nó abhcóide chun ionadaíocht a dhéanamh ar dhaoine in imeachtaí cúirte faoi mar a cheadaítear leis an Acht.
Cuimsíonn an tseirbhís freisin comhairle dlíthiúil agus cúnamh dlíthiúil a sholáthar do dhaoine atá ag iarraidh tearmainn sa stát.

Cuirtear an tseirbhís ar fáil ar fud na tíre i 33 lárionad dlí lánaimseartha agus in 12 lárionad dlí nó oifig seirbhísí dlí pháirtaimseartha.
Sa bhliain 2013 chuir an Bord seirbhís ar fail i 22,300 cás san iomlán trína lárionaid dlí, agus trí Scéimeanna na gCleachtóirí Príobháideacha a reáchtálann sé.

### An tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh

Ar an 1ú Samhain 2011 aistríodh freagracht as an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil de bhun ordú ón Aire a thug éifeacht don Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011. Cuireann an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh a cuid seirbhísí ar fáil i seacht n-oifig lánaimseartha agus i naoi n-oifig páirtaimseartha.

### Cúnamh Dlíthiúil Coiriúil

Aistríodh freagracht as riaradh Scéim Chomhairle Dhlíthiúil Stáisiúin na nGardaí chuig an mBord ar an 1ú Deireadh Fómhair 2011 agus as Scéim Cúnaimh Dhlíthiúil do Dhaoine Faoi Choimeád (ar a dtugtaí Scéim Ad-hoc an Ard-Aighne roimhe sin) ar an 1ú Meitheamh 2012. Aistríodh an fhreagracht as riar Scéim Cúnaimh Dlíthiúil Ad-hoc an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla chuig an mBord ar an 1ú Eanáir 2014. Is iad aturnaetha agus abhcóidí príobháideacha a chuireann seirbhís ar fáil sna scéimeanna ad-hoc um chúnamh dlíthiúil coiriúil atá á riar ag an mBord.

**An tIonad Doiciméadúcháin do Dhídeanaithe**

Feidhmíonn an Bord Ionad speisialaithe Doiciméadúcháin do Dhídeanaithe freisin, a chuireann seirbhís ghairmiúil neamhspleách taighde agus leabharlainne ar fáil do na príomhchomhlachtaí ar fad a bhfuil baint acu leis an bpróiseas tearmainn.

## 2.5 FOIREANN AN BHOIRD

Tá 368 ball foirne san iomlán ag an mBord faoi cheannas an Príomhfheidhmeannaigh, agus áirítear leo 109 aturnae atá lonnaithe i 33 lárionad dlí nó oifig seirbhísí dlí ar fud na tíre agus tacaíocht acu ó fhoireann riaracháin agus ó daoine paraidhlíthiúla. Tá aonad tiomnaithe bunaithe i mBaile Átha Cliath do riaradh na Scéimeanna Ad-hoc um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil. Tá an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh á riar i 16 lárionad ina bhfuil 30 ball foirne san iomlán idir lucht riaracháin agus lucht idirghabhála. Tá roinnt aonad lárnach i gCathair Saidhbhín agus i mBaile Átha Cliath a bhíonn ag déileáil le feidhmeanna éagsúla lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta dlíthiúla agus seirbhísí airgeadas, TFC, acmhainní daonna, taighde agus leabharlainne mar aon le seirbhísí corparáideacha.

## 2.6 AN PHRÍOMHOIFIG

Tá Príomhoifig an Bhoird suite i gCathair Saidhbhín, Contae Chiarraí áit a bhfuil 46 bhall foirne lonnaithe. Cuirtear cuid d'fheidhmeanna na príomhoifige i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath freisin.

Tá sonraí faoi shuíomh na lárionad dlí nó oifigí seirbhísí dlí le fáil in Aguisín 1 agus faoi oifigí na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh le fáil in Aguisín 2.

## 2.7 CLIAINT AGUS PÁIRTITHE LEASMHARA

Seirbhís ghairmiúil dhlíthiúil atá maoinithe ag an stát is ea an Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus is iad na daoine dá gcuireann sé seirbhísí dlí ar fáil dóibh cliaint an Bhoird. Bíonn na ceanglais reachtúla agus ghairmiúla a rialaíonn an caidreamh idir aturnae agus cliant agus idirghabhálaí agus cliant i bhfeidhm i gcás gach cliant den sórt sin.

Grúpa i bhfad níos leithne iad páirtithe leasmhara an Bhoird lena n-áirítear:

- An Rialtas
- Cáiníocóirí
- Cliaint Fhéideartha
- An tSeirbhís Chúirteanna
- An Lucht Dlí
- Gairm na nIdirghabhálaithe
- Gníomhaireachtaí Stáit a bhíonn ag déileáil le cliaint an Bhoird
- Grúpaí Deonacha a bhíonn ag déileáil le cliaint an Bhoird.

## CAIBIDIL 3 - ATHBHREITHNIÚ AR SHEIRBHÍSÍ GAEILGE AGUS AR FHEABHSUITHE ATÁ PLEANÁILTE

### 3.1.1 An tSeirbhís Dlí - Lárionaid Dlí

Is trí mheán an Bhéarla den chuid is mó a chuirtear seirbhísí ar fáil i bpríomhionaid dlí an Bhoird. Cuireann an Bord, seirbhís iomlán dhlíthiúil ar fáil trí mheán na Gaeilge do dhaoine a iarrann í ina Lárionad Dlí i nGaillimh. Tagraíonn seirbhís dlí sa chomhthéacs seo do na seirbhísí a chuireann aturnae ar fáil i lárionaid dlí an Bhoird. I gcás go n-éilíonn cliaint i gcuid eile den tír seirbhís trí mheán na Gaeilge, taistealaíonn aturnae a sholáthraíonn seirbhís trí Ghaeilge go suíomh atá oiriúnach don chliant sin. Is é sin an nós imeachta céanna a leantar nuair nuair is gá aturnae a fháil chun seirbhís a sholáthar trí Bhéarla i lárionad dlí i limistéar eile. Tá beirt aturnae in Ionad Dlí na Gaillimhe a chuirfidh seirbhís ar fáil as Gaeilge.

Cuireann an Bord seirbhís dlí ar fáil do dhaoine atá ag déanamh iarratas ar thearmann in Éirinn. Cuirtear an tseirbhís sin ar fáil as Béarla agus cuirtear ateangairí ar fáil do na cliaint sin a bhfuil siad riachtanach dóibh. Ó bunaíodh an tseirbhís in 1999 go dtí an lá inniu níor iarr aon chliant de chuid na Seirbhíse Dlí do Dhídeanaithe (SDD) go gcuirfí seirbhís ar fáil trí Ghaeilge.

### 3.1.2 Seirbhísí na Príomhoifige

Tá feidhmeanna phríomhoifig an Bhoird dírithe go príomha ar thacaíocht a sholáthar chun seirbhísí líne tosaigh a chur ar fáil. Ina theannta sin, is minic a tharlaíonn sé gurb í príomhoifig an Bhoird an chéad phointe teagmhála a bhíonn ag go leor cliant agus iarratasóirí. Faigheann an phríomhoifig dornán glaonna agus comhfhreagras trí Ghaeilge agus déileálann daoine ainmnithe san oifig leo.

### 3.1.3 An tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh

Seirbhís saor in aisce, faoi rún í an tseirbhís idirghabhála teaghlaigh ina gcabhraíonn idirghabhálaí gairmiúil leo siúd atá páirteach i cliseadh teaghlaigh agus, go háirithe, lánúineacha, idir phósta agus neamh-phósta, atá ag scaradh nó ag colscaradh ó chéile, chun téarmaí an scartha nó an cholscartha a shocrú. Cuidíonn sé freisin le lánúineacha den ghnéas céanna agus le lánúineacha nár chónaigh riamh le chéile nó nach raibh fiú caidreamh acu le chéile ach a bhfuil leanbh acu.

Níl an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh in ann seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair. Mar sin féin, déanfar athbhreithniú ar chumas Gaeilge na seirbhíse le linn saolré na Scéime seo d'fhonn a bheith in ann seirbhís den sórt sin a chur ar fáil.

### 3.1.4 Scéimeanna Ad-hoc um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil

Aistríodh freagracht as riaradh Scéim Comhairle Dhlíthiúil Stáisiúin na nGardaí chuig an mBord ar an 1ú Deireadh Fómhair 2011. Aistríodh freagracht as riaradh Scéim Ad-hoc an Ard-Aighne chuig an mBord ina dhiaidh sin ar an 1ú Meitheamh 2012. (An Scéim Cúnaimh Dlíthiúil - Ceisteanna Coimeádta a thugtar ar an scéim sin anois) Aistríodh an fhreagracht as riaradh sainchúram riaracháin an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla chuig an mBord ar an 1ú Eanáir 2014. Tá daoine i Rannóg um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil an Bhoird in ann gnóthaí a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

## 3.2 IDIRPHLÉ LEIS AN bPOBAL

### 3.2.1 Foirmeacha agus Bileoga:

Is é beartas an Bhoird é gur cheart go mbeadh a chuid foirmeacha agus bileoga ar fáil as Gaeilge. Chun na críche sin tá gach ceann de na foirmeacha agus de na bileoga a bhaineann lena sheirbhísí ina lárionaid dlí aistrithe agus ar fáil as Gaeilge agus as Béarla sna lárionaid dlí. Tá gach foirm iarratais ar sheirbhísí dlíthiúla ar fáil go dátheangach in aon chlúdach amháin.

Sa chás go bhfaightear iarratais i scríbhinn, ar an teileafóin nó mar theachtaireachtaí ríomhphoist ag iarraidh faisnéise faoi sheirbhísí an Bhoird, cuirtear cóip den bhileog chuí ar fáil i dteanga a úsáidtear san iarratas nó sa teanga a iarrtar, murab ionann an dá cheann. Cuirtear foirmeacha agus bileoga ar fáil chomh maith trí roinnt áiteanna eile, m.sh. trí Lárionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Is féidir iad a iarraidh go díreach trí dhul i dteagmháil le Príomhoifig an Bhoird i gCathair Saidhbhín, Lóghlao 1890 - 615 200.

### 3.2.2 Láithreán Gréasáin

Seoladh láithreán gréasáin an Bhoird den chéad uair in 2007 is tá leagan leasaithe de ar fáil anois a chuireann ar chumas daoine leagan Gaeilge a roghnú atá díreach ar aon dul leis an leagan Béarla. Tá gach leathanach gréasáin ar fáil sa dá theanga. Is féidir le húsáideoirí an teanga atá uathu a rochtain ag pointe ar bith ar an láithreán gréasáin. Maidir le foilseacháin an Bhoird agus cáipéisí beartais a chuirtear ar an suíomh bíonn siad ar fáil sna teangacha ina bhfoilsítear iad. Tá foireann bainistíochta inneachair gréasáin ag an mBord chun go bhféadfar an láithreán gréasáin a thabhairt cothrom le dáta go pras. Nuair a athraítear an chuid Béarla den suíomh déantar an chuid chomhfhreagrach Gaeilge a athrú i gcomhthráth leis. Tá gach foirm iarratais ar láithreán gréasáin an Bhoird ar fáil as Gaeilge.

### 3.2.3 Foilseacháin

Ó Mheitheamh 2004, déantar foilseacháin mhóra chorparáideacha a fhoilsiú go dátheangach, laistigh d'aon chlúdach amháin, de réir Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

### 3.2.4 Oiliúint

Tá tosaíocht tugtha i Straitéis Foghlama agus Forbartha an Bhoird do chúrsaí oiliúna Gaeilge agus scaiptear eolas faoi chúrsaí Gaeilge i measc na foirne go léir.

## 3.3 SEIRBHÍSÍ ATÁ LE SOLÁTHAR TRÍ MHEÁN NA GAEILGE

Ní chuireann an Bord seirbhísí ar fáil faoi láthair trí mheán na Gaeilge amháin agus níl aon mholadh ann chun é sin a dhéanamh. Níl aon cheann d'oifigí an Bhoird suite i gceantar Gaeltachta.

## 3.4 SEIRBHÍSÍ ATÁ LE SOLÁTHAR TRÍ MHEÁN NA GAEILGE AGUS AN BHÉARLA

### 3.4.1 Measúnú ar an éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo

Faoi mar a dúradh thuas, nuair a bhí an Scéim roimhe seo i bhfeidhm rinne an Bord suirbhé ar an éileamh a d'fhéadfadh a bheith ar a chuid seirbhísí as Gaeilge. Rinneadh an suirbhé sin toisc gur aithníodh go bhféadfadh tionchar a bheith ag an líon beag seirbhísí a bhí ar fáil as Gaeilge ar an éileamh a bhí orthu. Baineadh leas as torthaí an tsuirbhé sin le scrúdú a dhéanamh ar na roghanna chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí as Gaeilge le linn na chéad Scéime. Tá an Bord tiomanta do leibhéal an éilimh a choinneáil faoi athbhreithniú. Cinnteoidh na foirmeacha iarratais faoi sheirbhísí dlíthiúil go mbeidh iarratasóirí ar an eolas go bhfuil seirbhísí ar fail as Gaeilge. Cuirfear fógraí sna Lárionaid Dlí ag tabhairt le fios gur féidir seirbhísí a fháil as Gaeilge.

### 3.4.2 An tSeirbhís Dlí - Lárionaid Dlí

Tá socruithe reatha an Bhoird maidir le soláthar seirbhíse leagtha amach in alt 3.1.1 thuas. Tá cur síos sa chuid sin ar na bearta a bhfuil sé ar intinn ag an mBord a chur i bhfeidhm chun an tseirbhís atá ann a fheabhsú agus a fhorbairt.

Tá seirbhís dlí an Bhoird trí mheán na Gaeilge le fáil faoi láthair ina Lárionad Dlí i nGaillimh. Tá na seirbhísí fáiltithe agus tacaíochta san oifig sin dátheangach. Cuirfidh an Bord i bhfeidhm na bearta is gá chun seirbhísí fáiltithe agus tacaíochta as Gaeilge a choinneáil ag a Lárionad Dlí i nGaillimh.

Tá seirbhís atreoraithe ag an mBord. Go sonrach, má dhéanann duine teagmháil le ceann ar bith de lárionaid dlí nó d'oifigí an Bhoird trí Ghaeilge déanfar iad a a tharchur

go díreach chuig Lárionad Dlí na Gaillimhe áit a bhfuil sé ar chumas na foirne tacaíochta atá inti, idir fhoireann chléireachais agus fhoireann pharaidhlíthiúil, déileáil le fiosrúcháin den sórt sin. Cuireadh oiliúint ar fáil d'fhoireann Lárionad Dlí na Gaillimhe agus rinneadh athbhreithniú ar riachtanais lucht an Bhoird i gcoitinne maidir le hoiliúint Gaeilge. Déanfar oiliúint athnuachana a eagrú más gá.

Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé a rinneadh faoina Scéim roimhe seo agus ar an éileamh a bhí ann go dtí seo, chinn an Bord nach raibh sé riachtanach faoi láthair feabhas a chur ar a chumas seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge i lárionaid dlí eile. Bhí a fhios ag an mBord agus iad ag glacadh leis an gcinneadh sin gur aithníodh cleachtóirí príobháideacha agus abhcóidí a bhfuil na cáilíochtaí acu agus a d'fhéadfadh comhlánú a dhéanamh ar sheirbhís Ghaeilge an Bhoird i Lárionad Dlí na Gaillimhe, faoi mar atá leagtha amach in alt 3.4.4 agus in alt 3.4.5 thíos. Sa chás go mbeidh acmhainn bhreise ag teastáil laistigh den Bhord, tá aturnaetha in-tí eile aitheanta aige a bhfuil suim léirithe acu i seirbhísí dlí a sholáthar trí Ghaeilge.

### 3.4.3 Seirbhís bunaithe ar ateangaireacht

Tá taithí forleathan ag mBord, trína Sheirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe, ar sheirbhísí a sholáthar le cúnamh ó ateangairí.

Ní mheastar go bhfuil aon ghá faoi láthair tús a chur le scéim bunaithe ar ateangaireacht. Creidtear é sin i bhfianaise na socruithe atá i bhfeidhm faoi láthair agus na mbearta teagmhasacha atá leagtha amach thuas. Mar sin féin, coinneofar é sin mar rogha ar eagla go mbeadh sé ag teastáil.

### 3.4.4 Seirbhísí a chuireann cleachtóirí príobháideacha ar fáil dúinn

Baineann an Bord leas as seirbhísí cleachtóirí príobháideacha faoi láthair le cur leis an tseirbhís a sholáthraíonn a fhoireann féin. Le linn na Scéime roimhe seo rinne an Bord fiosrú ar chumas cleachtóirí príobháideacha seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge a shásódh na caighdeáin sin a éilíonn an Bord agus aithníodh 23 chleachtóir phríobháideacha ar féidir leo seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge más gá. Déanfar athbhreithniú roimh dheireadh na Scéime seo ar chumas cleachtóirí príobháideacha seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.

### 3.4.5 Abhcóidí

Fostaíonn an Bord abhcóidí a bhfuil treoir tugtha dóibh ag aturnaetha an Bhoird chun ionadaíocht a dhéanamh ar chliaint sa chúirt. Le linn na Scéime roimhe seo, d'aithin an Bord 20 abhcóide atá cáilithe go cuí le tacú leis na seirbhísí a sholáthraíonn sé trí Ghaeilge. Déanfar athbhreithniú roimh dheireadh na Scéime seo ar chumas abhcóidí seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.

### 3.4.6 Seirbhísí na Príomhoifige

Tá feidhmeanna phríomhoifig an Bhoird dírithe go príomha ar thacaíocht a thabhairt chun seirbhísí líne tosaigh a chur ar fáil agus chun freagra a thabhairt ar cheisteanna a chuireann baill an phobail, iarratasóirí agus cliaint orthu. Cuireadh dhá chúrsa oiliúna ar leith ar fáil sa Phríomhoifig le linn na Scéime roimhe seo. Cuireadh oiliúint ar fhoireann an lasc-chláir i bPríomhoifig an Bhoird chun freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin teileafóin a dhéantar trí Ghaeilge. Chuir an Bord oiliúint ar fáil le cur le cumas pearsanra eile na Príomhoifige gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Cinntíonn sé sin gur féidir seirbhísí líne tosaigh na Príomhoifige a chur ar fáil go dátheangach.

Coinneofar na riachtanais oiliúna faoi athbhreithniú agus cuirfear oiliúint athnuachana ar fáil nuair is gá. Go sonrach, cuirfear oiliúint athnuachana ar fáil d'fhoireann an lasc-chláir i bPríomhoifig an Bhoird laistigh de bhliain ó thosach na Scéime seo. Cuirfear oiliúint athnuachana ar fáil roimh dheireadh na Scéime do bhaill foirne eile na Príomhoifige a bhíonn ag déileáil le fiosruithe agus le hiarratais as Gaeilge.

### 3.4.7 Seirbhísí atá le soláthar trí mheán an Bhéarla amháin - Seirbhísí Dlí do Lucht Iarrtha Tearmainn

Soláthraíonn an Bord seirbhísí dlí faoi láthair do lucht iarrtha tearmainn trí mheán an Bhéarla. Cuirtear an tseirbhís sin ar fáil as mBéarla d'fhormhór na gcliant le cúnamh ó ateangairí. Tá sé molta go leanfar ar aghaidh ag cur na seirbhís seo ar fáil ar an mbealach sin. Má iarrann cliant go gcuirfear an tseirbhís seo ar fáil trí mheán na Gaeilge déanfar é sin le cúnamh ateangaireachta. Meastar gur bheag an seans atá ann go n-éileodh a leithéid de chliant sheirbhísí trí Ghaeilge.

## 3.5 CUMARSÁID

Áirítear i gcreat cumarsáide an Bhoird bearta chun feasacht a spreagadh faoina chuid seirbhísí trí mheán na Gaeilge trí fhógraíocht a dhéanamh sna meáin náisiúnta agus Gaeilge den chuid is mó.Tá geallta ag an mBord ina Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge agus ár gcumarsáidí a chur in oiriúint le freastal ar riachtanais spriocghrúpaí éagsúla. Leanfar ar aghaidh ag cur chun cinn seirbhísí trí Ghaeilge in aon chreat cumarsáide nuashonraithe.

Cruthófar seoladh ríomhphoist Gaeilge do cheisteanna ginearálta i rith chéad bhliain na Scéime seo (eolas@legalaidboard.ie).

Mar a luadh cheana, forbrófar fógraí eolais faoi sheirbhísí Gaeilge agus taispeánfar iad i Lárionaid Dlí le linn na Scéime seo.

## 3.6 ACMHAINNÍ

### 3.6.1 Foireann

Déanfar suirbhé cuimsitheach leictreonach ar fhoireann an Bhoird i rith chéad bhliain na scéime seo le fáil amach an oiread Gaeilge atá acu agus an bhfuil siad in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Tabharfar aghaidh le linn an tsuirbhé freisin ar riachtanais oiliúna.

Cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil i gcaitheamh na Scéime roimhe seo sa chaoi gur féidir seirbhísí tosaigh an Bhoird a chur ar fáil go dátheangach trí Lárionad Dlí na Gaillimhe agus táthar á dhéanamh sin. Tá beirt aturnae agus triúr ball den Fhoireann Tacaíochta i Lárionad Dlí na Gaillimhe in ann seirbhís a chur ar fáil as Gaeilge.

Is féidir le seachtar ball foirne aitheanta sa Phríomhoifig agus ball foirne amháin i ngach Lárionad Dlí déileáil le fiosrúcháin as Gaeilge. Chríochnaigh seachtar ball den fhoireann sa Phríomhoifig cúrsaí oiliúna le déanaí. Labhraíonn beirt d'fhoireann na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh Gaeilge agus tá siad ag obair in dá oifig faoi leith. Tá daoine i Rannóg um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil an Bhoird in ann gnóthaí a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Faoi mar tugadh le fios in alt 3.4.6 tá an Bord tiomanta d'oiliúint athnuachana a sholáthar de réir mar is gá. Déanfaidh an Bord iniúchadh freisin ar oiliúint, lena n-áirítear oiliúint ar líne, do daoine ainmnithe i ngach áit atá freagrach as déileáil le fiosruithe trí Ghaeilge.
Cinnteoidh an Bord, chomh fada agus is féidir go mbainfear leas as an líon foirne atá leithdháilte dó chun go mbeidh dóthain daoine ar fáil a mbeidh na scileanna riachtanacha acu chun freastal ar an éileamh ar sheirbhís trí Ghaeilge. Beidh an fhoireann ar fad a chuirfidh seirbhís ar fáil trí Ghaeilge ina mbaill d'fhoireann fhaofa reatha an Bhoird.

## 3.7 DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Ní dhéantar aon idirdhealú sna bearta dearbhaithe cáilíochta maidir le seirbhísí an Bhoird idir na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge agus iad sin a chuirtear ar fáil trí Bhéarla. Leanfaidh an scéal amhlaidh fad a bheidh an Scéim seo i bhfeidhm.

## 3.8 IDIRPHLÉ LEIS AN bPOBAL

### 3.8.1 Foirmeacha agus Bileoga:

Is é beartas an Bhoird é gur cheart go mbeadh a chuid foirmeacha agus bileoga ar fáil as Gaeilge. Chuige sin leanfar ar aghaidh ag cur gach ceann de na foirmeacha agus de na bileoga a bhaineann lena sheirbhísí i lárionaid dlí ar fáil as Gaeilge agus as Béarla. Beidh na foirmeacha agus bileoga sin ar fáil sna lárionaid dlí. Leanfar ar aghaidh ag cur na bhfoirmeacha iarratais ar sheirbhísí dlíthiúla ar fáil go dátheangach in

aon chlúdach amháin ach amháin i gcás foirmeacha a bhaineann le seirbhísí tearmainn. Beidh siad ar fáil lena n-íoslódáil as Gaeilge agus as Béarla ar láithreán gréasáin an Bhoird freisin. Beidh bileoga eolais ar fáil sa dá theanga.

Sa chás go bhfaightear iarratais i scríbhinn, ar an teileafóin nó mar theachtaireachtaí ríomhphoist ag iarraidh faisnéise faoi sheirbhísí an Bhoird, cuirfear cóip as Gaeilge agus cóip as Béarla araon den bhileog chuí ar fáil. Leanfar ar aghaidh ag scaipeadh foirmeacha agus bileoga i roinnt áiteanna eile, mar shampla, i Lárionaid Eolais do Shaoránaigh. Is féidir iad a iarraidh go díreach trí dhul i dteagmháil le Príomhoifig an Bhoird i gCathair Saidhbhín, Íosghlao 1890 - 615 200 nó trí ríomhphost ag info@legalaidboard.ie.

### 3.8.2 Teileafóin

Leanfar ar aghaidh ag cur oiliúna ar oibreoirí an lasc-chláir sa bPríomhoifig i gCathair Saidhbhín

- le go mbeidh siad in ann daoine a ghlaonn as Gaeilge a threorú chuig an áit cheart chun seirbhís a fháil as Gaeilge,
- ainm an chomhlachta a thabhairt as Gaeilge agus Beannachtaí bhunúsacha a thabhairt trí Ghaeilge nuair a fhreagraíonn siad an fón.

Faoi mar atá leagtha amach thuas, cuirfear oiliúint athnuachana ar fáil don fhoireann lasc-chláir i rith chéad bhliain na Scéime nua seo.

Ina theannta sin, tugann an Bord gealladh go dtabharfaidh gach lárionad dlí ainm an lárionaid i nGaeilge agus i mBéarla le linn chéad bhliain na Scéime nua seo.

### 3.8.3 Oifigí Poiblí

Cuireann an Bord seirbhís ar fáil do chliaint tríd an líonra 33 lárionad dlí nó oifigí seachadta seirbhíse atá aici agus sna 16 oifig um Sheirbhís Idirghabhála Teaghlaigh. Tá go leor acu siúd sách beag. Maidir le daoine a thagann chuig lárionaid dlí agus ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge atreorófar iad chuig oifigí inar féidir a leithéid de sheirbhís a chur ar fáil agus cabhrófar leo teagmháil a dhéanamh leis an lárionad sin. Is é nó í an duine san lárionad a bheidh ainmnithe le déileáil le fiosruithe as Gaeilge a dhéileálfaidh leis na daoine sin a thugann cuairt ar an oifig sin.

Tá seirbhís cuntair agus seirbhís tacaíochta atá iomlán dátheangach ar fáil ag an mBord i Lárionad Dlí na Gaillimhe. Tá seirbhís iomlán dhátheangach dlíthiúil ar fáil cheana féin san oifig sin. Cuirfear oiliúint athnuachana Ghaeilge ar fáil faoi mar a luadh in alt 3.4.2.

Leanfaidh an Bord ar aghaidh ag cloí le forálacha an Achta agus na Rialachán maidir le stáiseanóireacht agus comharthaíocht.

### 3.8.4 Láithreán Gréasáin an Bhoird

Seoladh láithreán gréasáin an Bhoird den chéad uair in 2007 is tá leagan leasaithe de ar fáil anois a chuireann ar chumas daoine leagan Gaeilge a roghnú atá díreach cosúil leis an leagan Béarla. Tá gach leathanach gréasáin ar fáil san dá theanga faoi mar a tugadh le fios in alt 3.2.2. Tá an Bord tiomanta don láithreán gréasáin a choinneáil san dá theanga. Seolfar an leagan Gaeilge den táscaire ar líne atá ar fáil faoi láthair ar láithreán gréasáin an Bhoird i rith chéad bhliain na Scéime seo.

### 3.8.5 Córais TF

Cuireadh Córas Bainistíochta Cásanna Dlí i bhfeidhm in 2012. Tacaíonn an córas seo le gach gné de chás ón gcéad teagmháil leis an mBord go dúnadh an cháis. Ceapadh an córas sa chaoi go bhféadfaí tacú le hionchur as Gaeilge. Is féidir litreacha agus foirmeacha caighdeánacha dátheangacha a chur air a luaithe is a fhaomhtar iad. Is féidir foirmeacha neamhchaighdeánacha a aistriú mar is gá agus a bhreithniú lena gcur ar an gcóras mar teimpléid sa chaoi chéanna is a dhéantar le foirmeacha caighdeánacha. Forbraíodh foirm iarratais ar líne mar chuid den chóras seo, agus bíodh is go bhfuil sé i mBéarla is féidir í a chomhlánú i nGaeilge, agus tá sé le foilsiú in 2014. Nuair a bheidh sí foilsithe cuirfear tús le pleanáil chun leagan Gaeilge a fhorbairt. Déanfaidh an t-aonad TF measúnú ar litreoirí agus ar bhreiseáin eile Ghaeilge le linn na Scéime seo ach na hacmhainní a bheith ar fáil chuige.

Tá seoladh ríomhphost do cheisteanna as Gaeilge, eolas@legalaidboard.ie ag an mbord agus tá sé seo ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird.

## 3.9 FORBAIRT FOIRNE

Tá roinnt ball foirne aitheanta ag an mBord a bhfuil sé ar a gcumas seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge. Déanfaidh sé iarracht freisin na hoifigí sin a aithint is dóichí a mbeadh foireann den sórt sin ag teastáil iontu, agus tá sé d'aidhm aige cur le hinniúlacht na n-oifigí sin trí mheascán d'earcaíocht agus d'oiliúint. Spreagfar na foirne sna réimsí ábhartha leas a bhaint as cúrsaí oiliúna Gaeilge.

## 3.10 TACAÍOCHTAÍ MAIDIR LE SEIRBHÍS A SHOLÁTHAR AS GAEILGE

Cuirfidh an Bord na saoráidí agus an tacaíocht riachtanach ar fáil don fhoireann atá freagrach as seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge. Áireofar leis seo oiliúint, tacaíochtaí riachtanacha TF (próiseáil focal Gaeilge, doiciméid chaighdeánacha a bheith ar fáil srl.), foclóirí, gluaiseanna na dtéarmaí teicniúla agus na hábhair tacaíochta eile atá riachtanach le cur ar a gcumas seirbhís a sholáthar i nGaeilge ar chaighdeán a shásóidh an Bhord. Ina theannta sin, má chuirtear tús le haon chórais ríomhaireachta nua i ndiaidh tús na Scéime seo, caithfidh siad a bheith oiriúnach le déileáil leis an

nGaeilge.  Maidir leis na córais atá ann cheana féin cuirfear iad in oiriúint, nuair is gá, chun Gaeilge a láimhseáil nuair a dhéanfar an chéad uasghrádú oiriúnach eile orthu.

Déanfaidh an Bord deimhin de go ndéanfar 50% de phreaseisiúintí i nGaeilge agus i mBéarla araon ó dháta tosaithe na Scéime seo.

Baileofar agus coinneofar acmhainní idir leaganacha cruachóipe agus leictreonacha i Leabharlann agus i seirbhís eolais an Bhoird chun tacú le soláthar seirbhísí i nGaeilge.

Forbrófar bileog eolais faoi ‘fhrásaí úsáideacha' don fhoireann agus scaipfear iad ar na Lárionaid Dlí go léir fad a bheidh an Scéim seo ar siúl.

Forbrófar lámhleabhar le linn na scéime seo freisin ina mbeidh an téarmaíocht oiriúnach dlí agus tabharfar é don fhoireann i Lárionad Dlí na Gaillimhe.

Cuirfear an bhileog eolais agus an lámhleabhar ar fáil don fhoireann ar fad ar inlíon an Bhoird.

# CAIBIDIL 4 - TOSÚ AGUS CUR I bhFEIDHM

## 4.1 CUR I bhFEIDHM

Is ar Cheann na Seirbhísí Speisialaithe Dlíthiúil a bheidh an fhreagrach fhoriomlán as cur i bhfeidhm na Scéime seo sa Bhord.

## 4.2 COMHLÍONADH

Déanfaidh an Bord gach iarracht daoine a chur ar an eolas go bhfuil seirbhísí ar fáil as Gaeilge trí:

- fógraí a chur in oifigí poiblí agus ar an láithreán gréasáin ag insint do chustaiméirí go bhfuil seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil, agus
- fógraí a chur i bhfoilseacháin agus i bhfógraí do chustaiméirí lena gcur ar an eolas go bhfuil seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil agus ag cur fáilte rompu siúd ar mian leo leas a bhaint astu.

Tá cóip den scéim seo curtha chuig oifig an Choimisinéara Teanga agus chucu siúd a rinne aighneachtaí chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil le linn dhréachtú na scéime.

Is é leagan Béarla an doiciméid seo an leagan bunaidh

## AGUISÍN 1

## SUÍOMH OIFIGÍ AGUS LÁRIONAID DLÍ AN BHOIRD AGUS OIFIGÍ SEACHADTA SEIRBHÍSÍ

### OIFIGÍ AN BHOIRD

**An Phríomhoifig**
Sráid an Chalaidh
Cathair Saidhbhín
Co. Chiarraí
Teileafón: 066 947 1000
Íosghlao: 1890 615 200
Facs: 066 947 1035

**Oifig Bhaile Átha Cliath**
47 Sráid an Mhóta Uachtarach
Baile Átha Cliath 2
Teileafón: 01 644 1900
Facs: 01 662 3661

Láithreán Gréasáin: www.legalaidboard.ie
ríomhphost: info@legalaidboard.ie

## Liosta na Lárionad Dlí

### Lárionaid Dlí Lánaimseartha

| LÁRIONAD DLÍ | ATURNAE BAINISTÍOCHTA |
|---|---|
| **AN CABHÁN**<br>Ionad Siopadóireachta na Cúirte Nua, Sráid na hEaglaise, an Cabhán<br>Teil: (049) 433 1110 Facs: (049) 433 1304 | **Patricia O'Reilly** |
| **AN CLÁR**<br>Aonad 6A, Cearnóg na gCeannaithe, Inis, Co. an Chláir<br>Teil: (065) 682 1929 Facs: (065) 682 1939 | **Mary Cuffe** |
| **CORCAIGH**<br>Teach an Ché Thuaidh, Cé Pope, Corcaigh<br>Teil: (021) 455 1686 Facs: (021) 455 1690 | **Betty Dineen** |
| An Cúigiú hUrlár, Foirgneamh Irish Life, 1A An Mál Theas, Corcaigh<br>Teil: (021) 427 5998 Facs: (021) 427 6927 | **Deirdre Kissane** |
| **DÚN NA NGALL**<br>Aonad B9, Lár Bhaile Leitir Ceanainn, Bóthar an Ghiúistís Breathnach,<br>Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall<br>Teil: (074) 912 6177 Facs: (074) 912 6086 | **Ray Finucane** |
| **BAILE ÁTHA CLIATH**<br>45 Sráid Ghairdinéir Íochtarach, Baile Átha Cliath 1<br>Teil: (01) 874 5440 Facs: (01) 874 6896 | **Shane Dooley** |
| 1ú Urlár, Ionad Cathartha, Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Bóthar an Naoú Loc, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22<br>Teil: (01) 457 6011 Facs: (01) 457 6007 | **Tom Nally** |
| Faiche an tSráidbhaile, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24<br>Teil: (01) 451 1519 Facs: (01) 451 7989 | **Pauline Corcoran** |

| | |
|---|---|
| 44/49 An Phríomhshráid, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11<br>Teil: (01) 864 0314 Facs: (01) 864 0362 | **Anke Hartas** |
| Ionaid Dlí Margadh na Feirme, 48/49 Sráid Brunswick Thuaidh, Lána Sheoirse, Baile Átha Cliath 7<br>Teil: (01) 646 9600 Facs: (01) 671 0200 | **Grainne Brophy** |
| Aonad 6-8, Ionad Gnó Bhaile Bhlainséir,<br>Bóthar Chluain Saileach<br>Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15<br>Teil: (01) 820 0455 Facs: (01) 820 0450 | **Joan Crawford** |
| An tAonad Faillí Leighis<br>7 – 11 Cúirt Montague, Sráid Montague, Baile Átha Cliath 2<br>Teil: (01) 477 6208 Facs: (01) 477 6241 | **Margaret O'Shea-Grewcock** |
| An tAonad Díobhálacha Pearsanta, 48/49 Sráid Brunswick Thuaidh, Lána Sheoirse,<br>Baile Átha Cliath 7<br>Teil: (01) 646 9740 Facs: (01) 646 975 | **Catherine Martin** |
| Oifig Teach an Charnáin, An 3ú hUrlár, Teach an Charnáin,<br>Sráid Essex Thoir, Baile Átha Cliath 2<br>Teil: (01) 675 5566/(01) 675 5565 Facs: (01) 7645116 | **Garrett Searson** |
| **GAILLIMH**<br>9 Sráid Phroinsias, Gaillimh<br>Teil: (091) 561650 Facs: (091) 563825 | **Mary Griffin** |
| Teach Seville, Bóthar an Duga Nua, Gaillimh<br>Teil: (091) 562480 Facs: (091) 562599 | **Cormac Faherty** |
| **CIARRAÍ**<br>1 Plás Day, Trá Lí, Co. Chiarraí<br>Teil: (066) 712 6900 Facs: (066) 712 3631 | **Carol Anne Coolican** |
| **CILL DARA**<br>Plás Canning, an Droichead Nua, Co. Chill Dara<br>Teil: (045) 435777 Facs: (045) 435766 | **Edel Poole** |

| | |
|---|---|
| **CILL CHAINNIGH**<br>Aonad A, An 1ú Urlár, Lárionad Smithlands, An Loch Buí, Cill Chainnigh<br>Teil: (056) 776 1611 Facs: (056) 776 1562 | **Niall Murphy** |
| **LAOIS**<br>Aonad 6A, Sráid an Droichid, Port Laoise, Co Laoise<br>Teil: (057) 866 1366 Facs: (057) 866 1362 | **Katie Gilhooly** |
| **LUIMNEACH**<br>Aonad F, Cé Lock, Luimneach<br>Teil: (061) 314599 Facs: (061) 318330 | **Fergal Rooney** |
| **AN LONGFORT**<br>Clós an Chomhair Chreidmheasa, 50A An Phríomhshráid, An Longfort<br>Teil: (043) 334 7590 Facs: (043) 334 7594 | **Edel Poole** |
| **LÚ**<br>Teach Condil, Plás Roden, Dún Dealgan, Co. Lú<br>Teil: (042) 933 0448 Facs: (042) 933 0991 | **Deirdre McMichael** |
| **MAIGH EO**<br>Meal Humbert, an Phríomhshráid, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo<br>Teil: (094) 902 4334 Facs: (094) 902 3721 | **Thomas O'Mahony** |
| **AN MHÍ**<br>Bóthar Uí Chinnéide, An Uaimh, Co. an Mhí<br>Teil: (046) 907 2515 Facs: (046) 907 2519 | **Mary Pat Ahern** |
| **MUINEACHÁN**<br>Teach Alma, An Diamant, Muineachán<br>Teil: (047) 84888 Facs: (047) 84879 | **Stephanie Coggans** |
| **UIBH FHAILÍ**<br>Sráid an Chuain, Tulach Mhór<br>Teil: (057) 935 1177 Facs: (057) 935 1544 | **Deirdre O'Connor** |
| **SLIGEACH**<br>Teach Bridgewater, Paráid Rockwood, Sligeach<br>Teil: (071) 916 1670 Facs: (071) 916 1681 | **Brendan Hoey** |

| | |
|---|---|
| **TIOBRAID ÁRANN**<br>Cúirt na Manach, Sráid na Mainistreach, An tAonach, Co. Thiobraid Árann<br>Teil: (067) 34181 Facs: (067) 34083 | **Catherine Ryan** |
| **PORT LÁIRGE**<br>Teach Cheanada, Sráid Cheanada, Port Láirge<br>Teil: (051) 855814 Facs: (051) 871237 | **Aidan Lynch** |
| **AN IARMHÍ**<br>Lána Payne, An Baile Gaelach, Baile Áth Luain, Co. na hIarmhí<br>Teil: (090) 647 4694 Facs: (090) 647 2160 | **Phil Ó Laoide** |
| **LOCH GARMAN**<br>Aonad 8, Cearnóg Redmond, Loch Garman<br><br>Teil: (053) 912 2622 Facs: (053)912 4927 | **Niamh Murran** |
| **CILL MHANTÁIN**<br>Urlár 3, Bloc D, Oifigí Cathartha, An Phríomhshráid, Contae Cill Mhantáin<br>Teil: (01) 2022644 Facs: (0404) 66197 | **Barbara Smyth** |

## LÁRIONAID DLÍ PÁIRTAIMSEARTHA

| Suíomh agus teileafón | Ar oscailt | Lárionad Dlí |
|---|---|---|
| **CEATHARLACH**<br>Biuró Chaitríona um Fhaisnéis Do Shaoránaigh,<br>Bóthar Sheosaimh, Ceatharlach.<br><br>Teil: (059) 913 8700 | Faoi dhó sa mhí | Chill Chainnigh |
| **CORCAIGH**<br>An Biúró um Fhaisnéis do Shaoránaigh,<br><br>Cearnóg Wolfe Tone, Beanntraí<br>(021) 455 1686 | Mar a éilítear | Corcaigh<br>(Cé Pope) |

| | | |
|---|---|---|
| **DÚN NA NGALL**<br>Teach na Cúirte, Baile Dhún na nGall<br>Teil: (074) 912 6177 | Uair amháin sa mhí | Leitir Ceanainn |
| **CIARRAÍ**<br>Óstán Arbutus, Sráid an Choláiste, Cill Airne<br>Teil: (066) 712 6900 | Trí choinne | Trá Lí |
| **LIATROIM**<br>An tIonad Sláinte,<br>Bóthar Liatroma, Cora Droma Rúisc<br>Teil: (043) 47590 | Uair amháin sa mhí | An Longfort |
| **LÚ**<br>Lárionad Seirbhísí Pobail Dhroichead Átha,<br>Corrán Scarlet, Droichead Átha<br>Teil: (047) 84888/84879 | Trí choinne | Muineachán |
| **MAIGH EO**<br>An tIonad Tréadach (Tailte na hArdeaglaise)<br>Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo<br><br>Teil: (094) 902 4334 | Uair amháin sa mhí | Caisleán an Bharraigh |
| An tIonad Sláinte,<br>Bóthar Chnoc Mhuire, Béal Átha hAmhnais<br>Teil:(094) 902 4334 | An ceathrú Máirt de gach mí | Caisleán an Bharraigh |
| **ROS COMÁIN**<br>An tIonad Faisnéise do Shaoránaigh,<br><br>7 Sráid Ail Finn, Mainistir na Búille<br><br>Teil: (071) 916 1670 | Uair amháin gach 2 mhí | Sligeach |

| | | |
|---|---|---|
| **TIOBRAID ÁRANN**<br>Seirbhísí Sóisialta Pobail Dhurlais<br>Sráid Rossa, Durlas<br>Teil: (0504) 22169 | An dara Máirt de gach mí | An tAonach |
| An tIonad Faisnéise do Shaoránaigh,<br>14 Sráid Wellington, Cluain Meala.<br><br>Teil: (052) 22267 | Ceithre huaire sa mhí | An tAonach |
| **AN IARMHÍ**<br>Aonad 11, An tIonad Fiontair,<br><br>Sráid Gheata an Easpaig, An Muileann gCearr<br>Teil: (090) 647 4694 | Uair amháin sa mhí | Baile Áth Luain |

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfar dátaí agus amanna na lárionad dlí sin a athrú ag brath ar an éileamh atá ar an tseirbhís. Bain úsáid as na huimhreacha teagmhála thuas le fáil amach cathain a bhíonn lárionad dlí oscailte.

## AGUISÍN 2

### Liosta Oifigí na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh

**OIFIGÍ LÁNAIMSEARTHA**
**Baile Átha Cliath**

**Baile Bhlainséir**
Teach an Chinn Thiar,
Páirc Ghnó an Chinn Thiar,
Síneadh Bhóthar Snugsborough,
Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15.
Teileafón: (01) 811 8650
Uaireanta oscailte: Luan go hAoine 9 r.n. - 5 i.n.

**Teach an Charnáin**
An tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh,
4úhUrlár, Teach an Charnáin,
Baile Átha Cliath 2.
Teileafón (01) 672 5886
Uaireanta oscailte: Luan go hAoine 9.30 r.n. - 4.30 i.n.

**Ráth Eanaigh**
Teach Skillings,
Oifigí an 1ú Urláir,
Ionad Siopadóireachta Ráth Eanaigh,
Bóthar Bhinn Éadair
Baile Átha Cliath 5
Teileafón (01) 851 0730
Uaireanta oscailte: Luan go hAoine 9 r.n. - 5 i.n.

**Cé Urumhan**
9 Cé Urumhan Íochtarach,
Baile Átha Cliath 1.
Teileafón (01) 874 7446
Uaireanta oscailte: Luan go hAoine 9 r.n. - 5 i.n.

**Tamhlacht**
The Rere,
Ionad Seirbhísí Sóisialta Thamhlachta,
An Chearnóg,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24.

Teileafón: (01) 414 5180
Uaireanta oscailte: Luan go hAoine 9 r.n. - 5 i.n.

**Corcaigh**
An 3ú & An 4ú hUrlár,
Teach Ibeirneach,
80A An Mál Theas,
Corcaigh
Teileafón: (021) 425 2200
Uaireanta oscailte: Luan go hAoine, 9 r.n. - 5 i.n.

**Gaillimh**
An 3ú hUrlár,
Cearnóg na gCeannaithe,
Sráid na nDuganna Nua,
Gaillimh
Teileafón: (091) 509730
Uaireanta oscailte: Luan go hAoine, 9 r.n. - 5 i.n.

**Luimneach**
An 3ú hUrlár,
Riverpoint,
Sráid Mhala Íochtarach,
Luimneach
Teileafón: (061) 214310
Uaireanta oscailte: Luan go hAoine, 9 r.n. - 5 i.n.

## OIFIGÍ PÁIRTAIMSEARTHA

**Dún na nGall**
An 3ú hUrlár,
Riverfront House,
Bóthar an Phiarsaigh,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall.
Teileafón: (074) 910 2240
Uaireanta oscailte: Dé Luain, Dé Máirt & Dé Céadaoin 9 r.n. - 1 i.n. agus 2 i.n. - 5 i.n.

**Ciarraí**
Aonad 2,
Plás an Mhargaidh,
An tSráid Mhór,
Trá Lí,

Co. Chiarraí.
Teileafón: (066) 718 6100
Uaireanta oscailte: Dé Luain & Dé Máirt 9 r.n. - 1 i.n. agus 2 i.n. - 5 i.n.
Dé Céadaoin 9 r.n. - 12:30 i.n. (clúdach riaracháin amháin)

**Laois**
Leibhéal 2,
Teach Grattan,
Ionad Gnó Theach Grattan,
Port Laoise,
Co Laoise.
Teileafón: (057) 869 5730
Uaireanta oscailte: Dé Máirt agus Dé Céadaoin 9 r.n. - 1 i.n. agus 2 i.n. - 5.00 i.n.
Déardaoin 9 r.n. - 12:30 i.n. (clúdach riaracháin amháin)

**Lú**
10 Plás Seatown,
Dún Dealgan,
Co. Lú
Teileafón: (042) 935 9410
Uaireanta oscailte: Dé Máirt & An Déardaoin 9.30 r.n. - 1.00 i.n. agus 2.00 i.n. - 5.30 i.n.
Dé Céadaoin 9:15 r.n. - 12:45 i.n. (clúdach riaracháin amháin)

**Maigh Eo**
f/ch An tIonad Teaghlaigh
Sráid an tSéipéil,
Caisleán an Bharraigh,
Co. Mhaigh Eo
Teileafón: (094) 903 5120
Uaireanta oscailte: An Déardaoin & Dé hAoine 9 r.n. - 1.00 i.n. agus 2.00 i.n. - 5.00 i.n.
Dé Céadaoin 9 r.n. - 12:30 i.n. (clúdach riaracháin amháin)

**Sligeach**
Leibhéal 6,
Ionad Siopadóireachta Thaobh na Cé,
Sráid an Fhíona,
Sligeach.
Teileafón: (071) 915 4260
Uaireanta oscailte: Dé Luain & Dé Máirt 9 r.n. - 1 i.n. agus 2 i.n. - 5 i.n.
Dé Céadaoin 9 r.n. - 12:30 i.n. (clúdach riaracháin amháin)

**Port Láirge**
13B Teach Wallace,
Geata Maritana,
Sráid Cheanada,
Phort Láirge.
Teileafón (051) 860460
Uaireanta oscailte: Dé Luain & Dé Máirt 9 r.n. - 1 i.n. agus 2 i.n. - 5 i.n.
Dé Céadaoin 9 r.n. - 12:30 i.n. (clúdach riaracháin amháin)

**An Iarmhí**
Foireann Seomraí 10, An 1ú Urlár,
Ionad Gnó Inish Carraig,
Golden Island,
Baile Áth Luain,
Co. na hIarmhí
Teileafón: (0906) 420970
Uaireanta oscailte: Dé Luain & Dé Máirt 9 r.n. - 1 i.n. agus 2 i.n. - 5 i.n.
Dé Céadaoin 9 r.n. - 12:30 i.n. (clúdach riaracháin amháin)

**Loch Garman**
32 Key West,
Cé Theach an Chustaim,
Loch Garman
Teil: (053) 916 3050
Uaireanta oscailte: Dé Máirt, Dé Céadaoin agus Dé hAoine 9 r.n. - 5 i.n.